Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# PREASRÁITEAS

# TÁ AITHEASC LE TABHAIRT AG AN AIRE, AG BREITHEAMH DEN CHÚIRT UACHTARACH AGUS AG SAINEOLAITHE ÓN RÍOCHT AONTAITHE AGUS Ó ÉIRINN DO CHOMHDHÁIL NA BLIANA 2024

**LÁNCHOSC – 12AM AN 17 DEIREADH FÓMHAIR**

Cuirfear Comhdháil 2024 de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar siúl inniu an 17 Deireadh Fómhair 2024 i dtimpeallacht stairiúil Chumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath. Tabharfaidh saineolaithe éagsúla ábhair aitheasc don Chomhdháil ar nithe atá ábhartha do shainchúram an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. I measc na bhfreastalaithe ar an gComhdháil beidh comhlachtaí eile rialála agus forfheidhmiúcháin mar aon le pearsana cáiliúla ón ngairm dlí agus ón ngairm cuntasaíochta.

Osclóidh Dara Calleary TD, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála agus an Claochlú Digiteach, an chomhdháil agus labhróidh sé ansin faoina chlár oibre beartais. Tar éis aitheasc an Aire, labhróidh an Breitheamh Onórach Brian Murray, Breitheamh den Chúirt Uachtarach, faoin topaic seo: *'Praghas na dlíthíochta: costais dlí agus cistiú tríú páirtí'*. Ina dhiaidh sin ar an lá, éistfidh an lucht freastail le haithisc ó bhaill mór le rá den ghairm dlí, ó Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ó ionadaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ó bhaill tosaigh den ghairm cuntasaíochta in Éirinn, agus ó Sheirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe agus ó Oifig Calaoise Tromchúisí na Ríochta Aontaithe faoi seach.

Le linn na n-aitheasc ó na cainteoirí, pléifear ábhair lena n-áireofar ciontóireacht chorparáideach agus pianbhreith a ghearradh i leith cionta corparáideacha, dualgais stiúrthóirí cuideachta a fhorfheidhmiú, dúshláin ar Bhoird a thiocfaidh as an gclár oibre inbhuanaitheachta, agus dearcthaí agus léargais forfheidhmiúcháin ón Ríocht Aontaithe.

Ag labhairt dó chun oscailt na comhdhála a chomóradh, dúirt **Dara Calleary TD**, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála agus an Claochlú Digiteach:

> *'Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach bunaithe go láidir agus leabaithe go láidir in éiceachóras corparáideach na hÉireann anois. Tá sé ina ghníomhaireacht ar chuir an Rialtas acmhainní ar fáil di chun a sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, go háirithe trína clár láidir tathanta lena soláthraítear faisnéis iomchuí inrochtana faoi nithe a bhaineann*

*le dlí na gcuideachtaí agus trí chomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chinntiú trí fhorfheidhmiú comhréireach i gcás gur gá.*

*Le Bille na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála), 2024, a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh agam air trí Thithe an Oireachtais, neartófar cumas an Stáit chun sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí a imscrúdú trí chumhachtaí méadaithe a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh fianaise ar éagóiritheoireacht chorparáideach a imscrúdú. Éascófar leis éifeachtúlachtaí oibriúcháin agus riaracháin trí phróisis atá ann cheana a chuíchóiriú, á chinntiú go mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag fáil na faisnéise is cothroime le dáta a luaithe is féidir. Leis an mBille, leathnaítear an tairseach reachtúil le haghaidh comhroinnt faisnéise idir údaráis inniúla, agus cabhair á tabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus do na húdaráis liostaithe agus iad ag comhall a bhfeidhmeanna.'*

Ag labhairt dó chun an Chomhdháil a chomóradh, dúirt **Ian Drennan,** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

*'Nuair a fheictear mianach na gcainteoirí ar an gclár, ní ábhar iontais é gur cuireadh na ticéid uile le haghaidh na comhdhála seo in áirithe míonna ó shin. Táimid fíorbhuíoch dár gcainteoirí, ar saineolaithe iad uile ina réimsí saothair féin agus a thug a gcuid ama agus saineolais ar dhóigh chomh flaithiúil sin.*

*Tá spreagadh chomh tábhachtach le forfheidhmiú agus tá sé ina eochairchuid dár straitéis. Tá an chomhdháil seo ina croíchuid dár gclár tathanta. Tá sí ina modh trína ndéanaimid caidreamh le stiúrthóirí cuideachta agus leis na daoine sin a chuireann comhairle orthu. Tá sí ina modh trína músclaímid feasacht ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ar a shainordú reachtúil, agus ar an bhfaisnéis agus an treoir a chuirimid ar fáil chun cabhrú le stiúrthóirí cuideachta na hoibleagáidí atá i gceist le leas a bhaint as pribhléid an dliteanais theoranta a chomhlíonadh.*

*Tá sí ina deis dúinn freisin leanúint de chaidreamh éifeachtach oibre a chothú leis na gairmeacha, a mbímid ag brath orthu chun comhairle a chur ar a gcliaint agus chun éagóiritheoireacht amhrasta a thuairisciú dúinn. Tá ríméad orainn go háirithe fáilte a chur roimh ár n-aíonna ón Ríocht Aontaithe, a bhfuilimid ag súil lenár gcaidreamh leo a dhoimhniú agus a neartú.*

*Ba mhaith liom fáilte a chur roimh gach duine a fhreastalóidh ar an gcomhdháil inniu agus buíochas a ghabháil leo as am a thógáil amach as a sceidil ghnóthacha chun bheith anseo in Óstaí an Rí. Bainfidh siad leas tar éis na comhdhála as saineolas agus léargais ár gcainteoirí mór le rá agus as an deis caidreamh a dhéanamh le ceannairí eile ó chúlraí éagsúla.'*

**CRÍOCH//**

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**17 DEIREADH FÓMHAIR 2024**

I gcás ceisteanna, déan teagmháil le:

Ríomhphost: media@cea.gov.ie
Fón: 087 7452409
https://cea.gov.ie/media

## NÓTA D'EAGARTHÓIRÍ

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaireacht na hÉireann um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí. Áirítear na nithe seo le feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- comhlíonadh Acht na gCuideachtaí, 2014, a spreagadh,
- imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar Acht na gCuideachtaí, 2014,
- gníomhaíocht chuí forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do sháruithe sainaitheanta ar dhlí na gcuideachtaí,
- maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí de chuid leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha, agus
- córas um shrian agus um dhícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha.

Cuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shainchúram i gcrích chun comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh trí ghníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear ábhair threorach inrochtana a fhorbairt agus a fhoilsiú, agus trína ghníomhaíochtaí for-rochtana.

Tá sainchúram forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach de chineál sibhialta agus de chineál coiriúil araon agus, le linn dó an sainchúram sin a chur i gcrích, tá sraith fhairsing cumhachtaí reachtúla ar fáil don Údarás:

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid, lena n-áirítear doiciméid leictreonacha, a thabhairt ar aird,
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála,
- an chumhacht gabhála, i.e., ag oifigigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar comhaltaí ar iasacht ón nGarda Síochána iad, agus
- cumhachtaí chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a ordú.

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina ghníomhaireacht ildisciplíneach a bhfuil a foireann comhdhéanta de ghairmithe cuntasaíochta agus dlí, de chomhaltaí ar iasacht ón nGarda Síochána agus de shaineolaithe fóiréinsice digití, i measc daoine eile.

**Cainteoirí na Comhdhála**
Beidh na daoine seo a leanas i measc na gcainteoirí ag an gcomhdháil:

- Dara Calleary TD, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála agus Claochlú Digiteach,
- An Breitheamh Onórach Brian Murray, Breitheamh de Chúirt Uachtarach na hÉireann,
- James B. Dwyer, Abhcóide Sinsearach,
- Clíona Kimber, Abhcóide Sinsearach,
- Declan Hughes, Ard-Rúnaí, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
- Sinéad Donovan, Cathaoirleach agus Comhpháirtí, Grant Thornton Ireland,
- Derarca Dennis, Comhpháirtí Dearbhaithe agus Ceann Seirbhísí Inbhuanaitheachta, EY Ireland,
- Henry Matthews, Ceann an Aonaid Speisialta Coireachta Airgeadais, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
- Dean Beale, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Seirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe,
- Dave Magrath, Stiúrthóir Imscrúduithe agus Seirbhísí Forfheidhmiúcháin, Seirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe, agus
- Emma Luxton, Príomhoifigeach Oibriúcháin Eatramhach, Oifig Calaoise Tromchúisí na Ríochta Aontaithe.

**Tuilleadh faisnéise**
Tá an Tuarascáil Bhliantúil is déanaí ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar fáil anseo.
**CRÍOCH**